*Cothú agus saibhriú gach páiste, trí mheán na Gaeilge, chun barr a gcumas a bhaint amach*





# Scéal Oilibhéir

## Nuachtlitir 12-4-2024

### An Téarma Deireanach | *Last Term*

An-deacair a chreidiúint go bhfuilimid sa téarma deireanach a chairde! Tá súil againn go léir go dtiocfaidh feabhas ar an aimsir agus táim cinnte go mbeidh téarma taitneamhach againn go léir. Is dócha gur bhain sé leis an gCáisc luath ach mhothaigh sé go raibh an dara téarma uafásach gnóthach agus ba mhaith liom mo bhuíochas a ghabháil le foireann na scoile. Idir mhúinteoirí, Chúntóirí Riachtanais Speisialta, Anna agus Mick, thug, agus tugann, siad ar fad faoin obair le dea-thoil, le díograis agus le fuinneamh. Ba scoil i bhfad níos ciúine (agus níos leadránaí) sinn gan iad. Táim an-bhuíoch freisin díbhse, na tuismitheoirí/caomhnóirí a thacaíonn le hobair na scoile ar an-chuid bealaí éagsúla. Ar ndóigh tá na páistí is fearr sa tír anseo agus chuir siad leis an dea-cháil atá orthu féin sna himeachtaí ar fad sa dara téarma. Idir Chóineartú, Chór, Choirm, Lúthchleasaíocht, Sheachtain na Gaeilge agus na rudaí ar fad eile nach iad, táim an-bhródúil astu. Sin trí chos an stóil anseo i Scoil Oilibhéir agus ní sheasann an stól mura bhfuil gach cos láidir ina seasamh!

*Really hard to believe that we are in the final term folks! We all hope that the weather improves and I'm sure we will all have an enjoyable term. I presume it was to do with the early Easter but it felt like the second term was incredibly busy and I would like to thank all the staff. Between teachers, SNAs, Anna and Mick, they all went about, and go about, their work with goodwill, diligence and energy. We'd be a far quieter (and more boring school) without them. I am also very grateful to you, the parents and guardians, who support our work in the school in so many ways. Of course, we have the best children in the country and they enhanced their fine reputations in all the activities in the second term. Between Confirmation, Choir, COIRM, Athletics, Seachtain na Gaeilge and everything else, I am very proud of them. They're the three legs of our school here in Scoil Oilibhéir and the stool doesn't stand unless each leg is strongly planted!*




### Seachtain na Carthanachta | *Charity Week*

An tseachtain seo chugainn is ea Seachtain na Carthanachta agus beidh na ranganna go léir ag diriú ar charthanachtaí áirithe. Beidh na hardranganna (R3 go R6) ag díriú ar **Barretstown** agus beidh na bunranganna (NB – R2)ag díriú ar **Jack and Jill Children's Foundation**. Beidh na ranganna éagsúla ag obair ar imeachtaí agus ar ghníomhaíochtaí beaga chun tuiscint níos fearr a fháil ar na carthanachtai seo agus ar an obair a dhéanann siad agus beidh siad ag iarraidh airgead a bhailiú ar a son. Cuirfear deireadh leis an tseachtain le díolachán cácaí ar an Aoine seo chugainn. Beidh an díolachan á eagrú ag Comhairle na nDaltaí agus roinnfear an t-airgead idir an Comhairle agus an dá charthanacht thuas.

*Next week is Charity Week and all the classes wil be focussing on specific charities. The senior end of the school (3rd to 6th) wil be focusing on* ***Barretstown*** *and the junior end (Junior Infants to 2nd Class) wil be focusing on the* ***Jack and Jill Children's Foundation*** *. The different classes will be working on events and little activties to get a better understanding of the charities and the work they do and will be trying to raise some money for them. The week will conclude with a Cake Sale next Friday. The Cake Sale will be organised by the Students' Council and the money will be shared between the Council and the charities mentioned above.*

*Cothú agus saibhriú gach páiste, trí mheán na Gaeilge, chun barr a gcumas a bhaint amach*

## Míolta Gruaige | *Headlice*

Tá Míolta Gruaige sna ranganna éagsúla. Iarrtar ort gruaig do pháiste a sheiceáil agus an seampú ceart a fháil má's gá. Iarrtar ort an ghruaig a sheiceáil go rialta.

*There are cases of headlice in various classes. We ask that every child be checked thoroughly and their hair be treated appropriately. Please check hair regularly.*

## Spórt | *Sport*

Seo thíos na socruithe uasdátaithe le hamanna don chamógaíocht agus don iomáint. Roinnfear amanna do an cluichí eile nuair a shocrófar iad

*Please see below the updated fixtures with times for camogie and hurling. Times will be shared for other games when they are fixed.*

**CAMÓGAÍOCHT**

| | |
|---|---|
| **17.4.2024** Scoil Oilibhéir -v- Gaelscoil Bharra | *14:30 Somerton* |
| **24.4.2024** Scoil Oilibhéir -v- St. Pat's D'wellstown | *Somerton* |
| **01.5.2024** St. Francis Xavier SNS -v- Scoil Oilibhéir | *Somerton* |

**IOMÁINT**

| | |
|---|---|
| **18.4.2024** Gaelscoil Eiscir Riada -v- Scoil Oilibhéir | 15:00 Na Sairséalaigh Leamhcáin *Lucan Sarsfield* |
| **25.4.2024** Gaelscoil Inse Chór -v- Scoil Oilibhéir | Droichead na hInse *Islandbridge* |
| **02.5.2024** Scoil Oilibhéir -v- Gaelscoil Bharra | *Somerton* |

## Árachas | *Insurance*

Meabhraítear daoibh, má bhíonn timpiste ag do pháiste ag am ar bith, sa bhaile nó ar scoil, go bhfuil seans maith ann go gclúdaíonn árachas na scoile iad, bí ag caint le hAntóin más gá.

*You are reminded that, if your child had an accident at any time, at home or at school, there is a good chance that they are covered by school insurance. Please speak to Antóin if necessary.*

## Cnónna | *Nuts*

Is scoil saor ó chnónna í Scoil Oilibhéir agus tá sé fíorthábhachtach nach bhfuil cnónna ná táirgí a bhfuil cnónna iontu i láthair sa scoil. Cuimsíonn sé seo rudaí ar nós pesto agus na himeanna agus na leatháin éagsúla sna ceapairí. D'fhéadfadh iarmháirti an-dáiríre a bheith ann do pháistí éagsúla sa scoil má thagann siad i dteagmháil le cnónna agus táim cinnte nach dteastaíonn ó éinne againn go dtarlódh a leithéid.

*Scoil Oilibhéir is a nut-free school and it is crucial that nuts or products containing nuts are not present in the school. This includes things like pesto and the different nut butters or various sandwich spreads. There would be grave consequences for certain children in the school if they come into contact with nuts and I am certain that none of us want anything like that happening.*

## Féinmheastóireacht Scoile | *School Self-Evaluation*

Táimid fós ag bailiú fianaise faoi thuairimí fhoireann na scoile agus leagfar amach plean gnímh ansin chun cur le timpeallacht na scoile le cabhrú le go mothóidh gach duine sona agus sábháilte i Scoil Oilibhéir.

*We are still collecting evidence about the staff's opinions and we will then lay out an Action Plan to help to enhance the school environment so that everyone feels happy and safe in Scoil Oilibhéir.*

## Cóineartú | *Confirmation*

Comghairdeas ó chroí le Múinteoir Áine agus ag Rang a Sé ar an gCóineartú ar an 22 Márta. Chruthaigh na páistí go hiontach agus ba léirú iontach an lá ar an obair ullmhúcháin den chéad scoth atá déanta acu lena múinteoir. Chuir an cór agus na cloigíní, faoi stiúr na Múinteoirí Caitríona agus Pádhraic, go mór leis an searmanas. Ceann de bhuaicphointí na bliana is ea an lá seo don scoil agus ba dheas seanchairde na scoile a fheiceáil i measc na ngaolta agus na gcuairteoirí. Go mbeannaí an Spiorad Naomh gach einne a ghlac leis an tsacraimint. Chuir Rang a Cúig cóisir álainn le chéile dóibh agus táimid an-bhuíoch de na tuismitheoirí/caomhnóirí a chuir leis sin, go háirithe leo siúd a bhí i láthair san ionad pobail.

*Sincere congratulations to Múinteoir Áine and to 6th Class on the Confirmation on 22 March. The children did really well agus it was a great exhibition of the wonderful preparatory work they had done with their teacher. The choir and the handbells, under the direction of Múinteoirí Caitríona an Pádhraic also really enhanced the ceremony. This day is one of the high points of the year for the school and it was lovely to see old friends amongst the relations and visitors. May the Holy Spirit bless all those who received the sacrament. 5th Class put a lovely party together for them and we are very grateful to the parents/guardians who contributed to that, especially to those who were there in the community centre.*

## Cumann na dTuismitheoirí | *Parents' Associationl*

Tá Cumann na dTuismitheoirí ag obair leo ar chúpla rud faoi láthair. Tá an Cumann tar éis obair as lámh a chéile le Comhairle na nDaltaí chun trealamh spraoi nua a fháil don chlós agus thacaigh siad freisin leis na hathchóirithe sna leithris a lorg an Chomhairle. Tá an Cumann ag bailiú seanéadaí freisin faoi láthair chun airgead a bhailiú agus is féidir iad a fhágáil ar an stáitse sa halla roimh an Aoine seo chugainn19 Aibreán. Tá siad ag ullmhú anois don Bhearbaiciú Bliantúil (tugtar faoi deara n t-athrú ar an dáta thíos) agus tá Mórghlanadh eagraithe acu don 18 Bealtaine. Beidh Fáilte Uí Cheallaigh roimh aon chúnamh ar an Satharn sin le garraíodóireacht nó le rud ar bith chun snas a chur ar thailte na scoile.

*The Parents' Association are working on a couple of things at the moment. The Association collaborated with our Student Council to source some new play equipment for the yard and they also supported the additions to the toilets that the Council had sought. The PA are collecting old clothes as a fundraiser at the moment and they can be left on the stage in the hall until next Friday 19 April. They are now preparing for the Annual Barbecue (please note change of date below) and they have a Big Clean-Up organised for 18 May. Any help will be very welcome with gardening or with anyting else to spruce up the school grounds.*

## Dátaí don Dialann | *Dates for the Diary*

| | | |
|---|---|---|
| **19.4.2024** | **Díolachán Cácaí Chomhairle na nDaltaí \|** *Student Council Cake Sale* | **13:30 sa halla** |
| **6.5.2024 – 10.5.2024** | **Scoil Dúnta \|** *School Closed* | |
| **18.5.2024** | **Mórghlanadh Suas \|** *Big Clean-Up* | Sa scoil |
| **25.5.2024** | **Comaoineach** \| *Communion* | Séipéal Bhríde 11:00 |
| **8.6.2024** | **Beárbaiciú Bliantúil na Scoile \|** *Annual School Barbecue* | |






*Cothú agus saibhriú gach páiste, trí mheán na Gaeilge, chun barr a gcumas a bhaint amach*

# Scoil Oilibhéir - Féilire | *Calendar* 2024-2025

**Lúnasa | *Aug* 2024**

| D | L | M | C | D | A | S |
|---|---|---|---|---|---|---|
| | | | | 1 | 2 | 3 |
| 4 | 5 | 6 | 7 | 8 | 9 | 10 |
| 11 | 12 | 13 | 14 | 15 | 16 | 17 |
| 18 | 19 | 20 | 21 | 22 | 23 | 24 |
| 25 | 26 | 27 | 28 | **29** | 30 | 31 |

**Meán Fómhair | *Sept* 2024**

| D | L | M | C | D | A | S |
|---|---|---|---|---|---|---|
| 1 | 2 | 3 | 4 | 5 | 6 | 7 |
| 8 | 9 | 10 | 11 | 12 | 13 | 14 |
| 15 | 16 | 17 | 18 | 19 | 20 | 21 |
| 22 | 23 | 24 | 25 | 26 | 27 | 28 |
| 29 | 30 | | | | | |

**Deireadh Fómhair | *Oct* 2024**

| D | L | M | C | D | A | S |
|---|---|---|---|---|---|---|
| | | 1 | 2 | 3 | 4 | 5 |
| 6 | 7 | 8 | 9 | 10 | 11 | 12 |
| 13 | 14 | 15 | 16 | 17 | 18 | 19 |
| 20 | 21 | 22 | 23 | 24 | 25 | 26 |
| 27 | **28** | **29** | **30** | **31** | | |

**Samhain | *Nov* 2024**

| D | L | M | C | D | A | S |
|---|---|---|---|---|---|---|
| | | | | | **1** | 2 |
| 3 | 4 | 5 | 6 | 7 | 8 | 9 |
| 10 | 11 | 12 | 13 | 14 | 15 | 16 |
| 17 | 18 | 19 | 20 | 21 | 22 | 23 |
| 24 | 25 | 26 | 27 | 28 | 29 | 30 |

**Nollaig | *Dec* 2024**

| D | L | M | C | D | A | S |
|---|---|---|---|---|---|---|
| 1 | 2 | 3 | 4 | 5 | 6 | 7 |
| 8 | 9 | 10 | 11 | 12 | 13 | 14 |
| 15 | 16 | 17 | 18 | 19 | 20 | 21 |
| 22 | **23** | **24** | **25** | **26** | **27** | 28 |
| 29 | **30** | **31** | | | | |

**Eanáir | *Jan* 2025**

| D | L | M | C | D | A | S |
|---|---|---|---|---|---|---|
| | | | **1** | **2** | **3** | 4 |
| 5 | 6 | 7 | 8 | 9 | 10 | 11 |
| 12 | 13 | 14 | 15 | 16 | 17 | 18 |
| 19 | 20 | 21 | 22 | 23 | 24 | 25 |
| 26 | 27 | 28 | 29 | 30 | 31 | |

**Feabhra | *Feb* 2025**

| D | L | M | C | D | A | S |
|---|---|---|---|---|---|---|
| | | | | | | 1 |
| 2 | **3** | 4 | 5 | 6 | 7 | 8 |
| 9 | 10 | 11 | 12 | 13 | 14 | 15 |
| 16 | 17 | 18 | 19 | **20** | **21** | 22 |
| 23 | 24 | 25 | 26 | 27 | 28 | |
| | | | | | | |

**Márta | *Mar* 2025**

| D | L | M | C | D | A | S |
|---|---|---|---|---|---|---|
| | | | | | | 1 |
| 2 | 3 | 4 | 5 | 6 | 7 | 8 |
| 9 | 10 | 11 | 12 | 13 | 14 | 15 |
| 16 | **17** | 18 | 19 | 20 | 21 | 22 |
| 23 | 24 | 25 | 26 | 27 | 28 | 29 |
| 30 | 31 | | | | | |

**Aibreán | *Apr* 2025**

| D | L | M | C | D | A | S |
|---|---|---|---|---|---|---|
| | | 1 | 2 | 3 | 4 | 5 |
| 6 | 7 | 8 | 9 | 10 | 11 | 12 |
| 13 | **14** | **15** | **16** | **17** | **18** | 19 |
| 20 | **21** | **22** | **23** | **24** | **25** | 26 |
| 27 | 28 | 29 | 30 | | | |
| | | | | | | |

**Bealtaine | *May* 2025**

| D | L | M | C | D | A | S |
|---|---|---|---|---|---|---|
| | | | | 1 | 2 | 3 |
| 4 | **5** | 6 | 7 | 8 | 9 | 10 |
| 11 | 12 | 13 | 14 | 15 | 16 | 17 |
| 18 | 19 | 20 | 21 | 22 | 23 | 24 |
| 25 | 26 | 27 | 28 | 29 | 30 | 31 |

**Meitheamh | *Jun* 2025**

| D | L | M | C | D | A | S |
|---|---|---|---|---|---|---|
| 1 | **2** | **3** | **4** | **5** | **6** | 7 |
| 8 | 9 | 10 | 11 | 12 | 13 | 14 |
| 15 | 16 | 17 | 18 | 19 | 20 | 21 |
| 22 | 23 | 24 | 25 | 26 | 27 | 28 |
| 29 | **30** | | | | | |

**Iúil | *Jul* 2025**

| D | L | M | C | D | A | S |
|---|---|---|---|---|---|---|
| | | 1 | 2 | 3 | 4 | 5 |
| 6 | 7 | 8 | 9 | 10 | 11 | 12 |
| 13 | 14 | 15 | 16 | 17 | 18 | 19 |
| 20 | 21 | 22 | 23 | 24 | 25 | 26 |
| 27 | 28 | 29 | 30 | 31 | | |

**29.8.2024** Chéad lá ar ais | *First Day back*

(red box) Dúnta | *Closed*

**27.6.2025** Lá deireanach na scoilbhliana | *Last day of schoolyear*